C/2025/6785

29.12.2025

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hacmhainní airgeadais breise do Rialachán EDIP

(C/2025/6785)

Tá Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún den tuairim gur cheart acmhainní airgeadais breise a chur ar fáil do Rialachán EDIP.

Chuige sin, foráiltear go sonrach i Rialachán EDIP go bhféadfaí ranníocaíochtaí airgeadais breise a dhéanamh ó na Ballstáit, ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ó thríú tíortha, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó ó thríú páirtithe eile agus tagraítear go sainráite ann don Chiste chun dlús a chur le claochlú shlabhraí soláthair na cosanta i ndáil leis sin.

I bhfianaise an mhéid sin agus an ról lárnach atá ag an gCiste chun dlús a chur le claochlú shlabhraí soláthair na cosanta maidir le feabhas a chur ar acmhainneachtaí monaraíochta cosanta FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a bhfuil gá ar leith acu le hinfheistíochtaí á chur san áireamh, ba cheart na ranníocaíochtaí breise sin a leithdháileadh mar thosaíocht ar an gCiste sin agus na méideanna a leithdháiltear ón imchlúdach €1 200 milliún dá dtagraítear in Airteagal 3(1) á gcomhlánú, agus é mar aidhm leis sin go mbeidh EUR 150 milliún ar a laghad sa mhéid táscach foriomlán don chiste áirithe sin faoin gClár, agus sainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh á n-urramú.